


Ár nUimhir Cháis: ABP-318220-23



An
Coimisiún
Pleanála

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

Dáta: 03 July 2025

Re: N6 Galway City Ring Road
Galway.

A dhuine uasail/a bhean uasail,

Fuair an Coimisiún Pleanála d'aighneacht le déanaí maidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe thuasluaite agus cuirfidh sé san áireamh í agus é ag cinneadh an ábhair.

Tabhair faoi deara nach ndéanfar an fhorbairt bóthair atá beartaithe mura mbeidh sí ceadaithe ag an gCoimisiún nó mura mbeidh sí ceadaithe le modhnuithe.

Má tá aon cheist agat idir an dá linn, déan teagmháil leis an oifigeach thíos-shínithe de chuid an Choimisiúin ag laps@pleanala.ie

Luaigh uimhir thagartha an Choimisiúin Phleanála thuasluaite in aon chomhfhreagras nó teagmháil teileafóin leis an gCoimisiún

Is mise le meas,

Lauren Griffin
Executive Officer
Direct Line: 01-8737244

HA02B

Teil	Tel	(01) 858 8100
Glao Áitiúil	LoCall	1800 275 175
Facs	Fax	(01) 872 2684
Láithreán Gréasáin	Website	www.pleanala.ie
Ríomhphost	Email	communications@pleanala.ie

64 Sráid Maoilbhride	64 Marlborough Street
Baile Átha Cliath 1	Dublin 1
D01 V902	D01 V902

Tell
Glaó Áitiúil
Facs
Láithreán Gréasáin
Ríomhphost

Tel
LoCall
Fax
Website
Email

(01) 858 8100
1800 275 175
(01) 872 2684
www.pleanala.ie
communications@pleanala.ie

64 Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 V902

64 Marlborough Street
Dublin 1
D01 V902

Lauren Griffin

From: Lauren Griffin
Sent: Tuesday, 1 July 2025 17:16
To: jng@udaras.ie
Subject: RE: Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe - N6 Galway City Ring Road.

A chara,

Aithníonn An Coimisiún go bhfuair sé do ríomhphost, eiseofar comhfhreagras oifigiúil in am trátha.

Is mise, le meas,

Lauren

From: Julie Ní Ghuairim <jng@udaras.ie>
Sent: Tuesday, 1 July 2025 15:18
To: LAPS <laps@pleanala.ie>
Cc: Rónán Mac Con Iomaire <ronan@udaras.ie>; Caitlín Breathnach <c.breathnach@udaras.ie>
Subject: Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe - N6 Galway City Ring Road.

Caution: This is an **External Email** and may have malicious content. Please take care when clicking links or opening attachments. When in doubt, contact the ICT Helpdesk.

Case No: ABP-318220-23

Lauren, a chara,

Faoi iamh tá Aighneacht ó Údarás na Gaeltachta maidir leis an Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe.

Please find enclosed Submission from Údarás na Gaeltachta regarding the N6 Galway City Ring Road.

Le gach dea-ghuí,

Julie Ní Ghuairim

*Rannóg Gnóthaí Corparáideacha agus Straitéise
Údarás na Gaeltachta*

T Fón Oifige +353 91 503185
www.udaras.ie



Fógra faoi Rúndacht agus Síniú Leictreonach: Tá an ríomhphost seo agus aon iatán a ghabhann leis rúnda agus tharlódh go mbeadh ábhar íogarach tráchtála san áireamh ann. Is leis an duine / nó

daoine sin amháin a bhfuil siad seolta chucu a bhaineann siad agus ní ceart iad a léamh ná a scaoileadh chuig aon tríú páirtí gan cead roimh ré ó Údarás na Gaeltachta. Tabhair faoi deara freisin nach nglacann Údarás na Gaeltachta le sínithe leictreonacha d'aon chineál chun conradh a dhéanamh. Caithfidh gach uile shíniú a bheith i bhfoirm fhisiciúil. Deimhníonn an fo-nóta seo chomh maith gur seiceáiladh an teachtaireacht ríomhphoist seo ar fhaitíos víris. Tabhair cuairt ar ár suíomh idirlín ag <http://www.udaras.ie>

Notice re Confidentiality and electronic signatures: This e-mail and any attachment transmitted with it are confidential and may contain commercially sensitive information. They are intended solely for the use of the intended recipient and should not be read or released to any third party without the prior consent of Údarás na Gaeltachta. Please note that Údarás na Gaeltachta does not accept electronic signatures in any format for the formation of any contracts. All signatures must be in physical format. This footnote also confirms that this e-mail has been swept for the presence of computer viruses. Please visit our website at <http://www.udaras.ie>



Údarás na Gaeltachta

01 Iúil 2025

A Chara,

Is mian le hÚdarás na Gaeltachta a thacaíocht láidir a chur in iúl don Chuarbhóthar N6 atá beartaithe do chathair na Gaillimhe, a mheasann muid a bheith mar bhonneagar ríthábhachtach d'fhorbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta Ghaeltacht Chonamara Theas.

Is í Gaeltacht na Gaillimhe an Ghaeltacht is mó sa tír, le 53,459 áitritheoir (Daonáireamh 2022) – ionann agus 51% de dhaonra iomlán na Gaeltachta ar fud na tíre. Tacaíonn Údarás na Gaeltachta faoi láthair le 302 cliant-chuideachta i nGaeltacht Chonamara Theas amháin, a chuireann 2,863 post lánaimseartha ar fáil. Cuireann ár 20 comhlacht is mó 2,260 de na poist seo ar fáil, rud a léiríonn a thábhachtaí is atá siad mar ancairí eacnamaíocha don réigiún.

In 2024, bhain ár gcliantchomhlachtaí ar fud na Gaeltachta díolacháin de €1.098 billiún amach – méadú 4.4% ó 2023 agus fás 28% thar an deich mbliana anuas. Baineadh amach díolacháin easpórtála de €658 milliún, rud a léiríonn scóip idirnáisiúnta agus acmhainneacht na bhfiontar seo. Mar sin féin, in ainneoin an fheidhmíochta shuntasaigh seo, tá ár gcliantchomhlachtaí i gConamara Theas ag feidhmiú faoi mhíbhuntáiste de bharr easnaimh infreastruchtúir.

Níl an staid reatha inbhuanaithe:

- Tá Droichead na gCúig Céad, an t-aon mhór-dhroichead iompair trasna na Coiribe, i bhfad thar a acmhainn deartha
- Bíonn moilleanna leanúnacha ar thrácht, rud a chuireann isteach ar oibríochtaí gnó
- Tá amanna aistir idir an taobh thoir de Ghaillimh agus Conamara Theas ró- fhada agus
- Chuir dúnadh Aerfort na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair 2011 le heaspa rochtain chuig an réigiún

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe
H91 TY22, Éire

T: + 353 (0)91-503100 | eolas@udaras.ie

www.udaras.ie



Rialtas na hÉireann

- Tá rochtain ar chalafort Ros an Mhíl, láthair farraige ríthábhachtach, srianta go mór

Is bagairt d'fhorbairt inbhuanaithe an réigiúin Ghaeltachta iad na heasnamh bonneagair seo faoin tráth seo.

Dhéanfaidh forbairt an Chuarbhóthair N6 buntáistí straitéiseacha iomadúla a sheachadadh:

1. Iomaíochas Gnó Feabhsaithe
 - Rochtain fheabhsaithe ar mhargaí náisiúnta agus idirnáisiúnta do tháirgí onnmhairithe
 - Slabhraí soláthair níos éifeachtaí do amhábhair agus earraí críochnaithe
 - Naisc níos fearr le calafoirt, aerfoirt, agus an gréasán mótarbhealaí náisiúnta
 - Margadh saothair leathnaithe, go háirithe do scileanna speisialaithe atá ar fáil i nGaillimh thoir
 - Deiseanna nua do chomhoibriú gnó ar fud an réigiúin
2. Nuálaíocht agus Dul Chun Cinn Teicneolaíochta
 - Tacaíocht do chomhlachtaí ardteicneolaíochta ar nós Mylan, Freudenberg Medical, Aran Biomedical, ÉireComposites, agus Telegael
 - Inmharthanacht fheabhsaithe dár gcuideachtaí a bhfuil gradaim buaite acu a fuair tacaíocht ón gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha
 - Fás luathaithe ar ár ngréasán mol digiteach gteic, a chothaíonn nuálaíocht, cruthaitheacht, agus cumas cianoibre
3. Forbairt Gheilleagar na Mara
 - Tacaíocht bhonneagair ríthábhachtach do Pháirc na Mara i gCill Chiaráin (70km siar ó chathair na Gaillimhe)
 - Nascacht fheabhsaithe do sheirbhísí nuálaíochta mara agus gnólachtaí
 - Rochtain fheabhsaithe ar an gcalafort straitéiseach ag Ros an Mhíl

- Tacaíocht d'fhás inbhuanaithe san dobharshaothrú, biteicneolaíocht mhara, agus fuinneamh mara
4. Fás Turasóireachta
- Rochtain fheabhsaithe do na 200,000+ cuairteoir bliantúil ar Chonamara agus Árann
 - Tacaíocht do thionscnaimh Chósta Gaelaigh Chonamara agus Árann
 - Scaipeadh feabhsaithe cuairteoirí ar fud iarthar Chontae na Gaillimhe
 - Laghdú ar phlódú trácht a chuireann turasóirí ó chuairt a thabhairt faoi láthair
5. Buntáistí Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta
- Seirbhísí iompair phoiblí leathnaithe a chumasú go Conamara Theas
 - Astaíochtaí carbóin laghdaithe trí phlódú laghdaithe agus patrúin aistir níos éifeachtaí
 - Tacú le coinneáil an daonra i bpobail Ghaeltachta
 - Líonraí sóisialta agus cultúrtha a chaomhnú a thacaíonn leis an nGaeilge

Mar eagraíocht a bhfuil sainordú aici an Ghaeilge a neartú agus a chaomhnú mar phríomhmheán cumarsáide i bpobail Ghaeltachta, aithníonn muid nach féidir beocht eacnamaíoch a scaradh ó inbhuanaitheacht chultúrtha. Léiríonn ár dtaighde go labhraíonn 58% díobh siúd atá fostaíthe i gcliant-chuideachtaí Údaráis Gaeilge, agus tá úsáid na teanga san earnáil na meán an-láidir ar fad.

Níl infreastruchtúr iompair amháin é Cuarbhóthar an N6 – is líne saoil é a chuirfidh ar chumas phobail na Gaeltachta rath eacnamaíoch a bhaint amach agus a bhféiniúlacht chultúrtha shainiúil a choinneáil sa 21ú haois.

Is éard atá sa Chuarbhóthar N6 ná bonneagar riachtanach a chuirfeadh go bunúsach le hinmharthanacht agus tarraingteacht réigiún na Gaeltachta ó thaobh infheistíochta, fostaíochta, turasóireachta, agus cáilíocht na beatha de. Tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar a thionchair, táimid den tuairim

láidir, mheáite nach bhfuil i bhforbairt an chuarbhóthair seo díreach tairbheach ach riachtanach do thodhchaí inbhuanaithe na Gaeltachta.

Iarraimid ar anmBord Pleanála bunús na haighneachta seo a thógáil san áireamh agus sibh i mbun an phróisis chinnteoireachta faoi mar a mbaineann leis an bhforbairt seo agus bunús na hinfheistíochta riachtanaí seo á chíoradh agaibh.

Is mise le meas,



Rónán Mac Con Iomaire

Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Pobail & Pleanála Teanga